Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**10579/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0169 (NLE)**

**PI 129**
**AGRI 291**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 318 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 318 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 318 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2025
COM(2025) 318 final

2025/0169 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin**

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena mbunaítear an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i dTionól Aontas Speisialta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil ('EDMI') i ndáil le glacadh beartaithe leasuithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta agus Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha ('na Comhrialacháin').

### 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

#### 2.1. Ionstraim na Ginéive

Le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha 2015 ('Ionstraim na Ginéive'), déantar Comhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta 1958, ('Comhaontú Liospóin') a thabhairt cothrom le dáta agus a fheabhsú. Tháinig sé i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. Is páirtí é an tAontas Eorpach in Ionstraim na Ginéive[1].

#### 2.2. Tionól an Aontais Speisialta

Tá an tAontas Speisialta, arna riar ag EDMI, comhdhéanta de na Páirtithe Conarthacha in Ionstraim na Ginéive agus de na Stáit is páirtithe i gComhaontú Liospóin. Foráiltear le hAirteagal 22 (2) d'Ionstraim na Ginéive gurb é Tionól an Aontais Speisialta, *inter alia* a phléann le gach ábhar a bhaineann leis an Aontas Speisialta a chothabháil agus a fhorbairt agus le cur chun feidhme Ionstraim na Ginéive agus gurb é a leasaíonn na Comhrialacháin.

#### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an Aontas Speisialta

Le linn Chomhthionóil Ghinearálta EDMI an 8-17 Iúil 2025, féadfaidh Tionól an Aontais Speisialta na leasuithe ar na Comhrialacháin a leagtar amach thíos a ghlacadh.

Leis an leasú atá beartaithe ar Riail 1(1) tugtar cothrom le dáta an sainmhíniú ar 'fhoirm oifigiúil' i bhfomhír (vi) chun tagairt don chomhéadan leictreonach (e-Liospóin) a chuimsiú, ar comhéadan é a chuir an Biúró Idirnáisiúnta ar fáil d'Údaráis Inniúla Chóras Liospóin ar shuíomh gréasáin na hEagraíochta.

Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riail 8(9), déantar na forálacha atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta tríd an dáta ábhartha a shoiléiriú maidir le méid na dtáillí atá le híoc faoi Chóras Liospóin a chinneadh, agus na sainiúlachtaí a bhaineann leis á gcur san áireamh.

Sonraítear san fhomhír (a) nua atá beartaithe de Riail 8(9) de na Comhrialacháin gurb é dáta comhdaithe iarratais ar chlárú idirnáisiúnta a chinneann méid na dtáillí atá le híoc faoi Riail 5(2)(c) de na Comhrialacháin, mar atá an táille ar chlárú idirnáisiúnta (Riail 8(1)(i) de na Comhrialacháin) agus aon táille eile mar a shonraítear i Riail 8 de na Comhrialacháin).

Sonraítear san fhomhír (b) nua atá beartaithe de Riail 8(9) de na Comhrialacháin gurb é dáta comhdaithe iarratais ar iontráil modhnaithe a chinneann méid na dtáillí atá le híoc faoi Riail 15(2)(a) de na Comhrialacháin, mar atá an táille le haghaidh modhnú amháin nó roinnt modhnuithe (Riail 15(1) de na Comhrialacháin).

[1] Cinneadh (AE) 2023/1051 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 (IO L 141, 31.5.2023, lch. 34).

Sonraítear san fhomhír (c) nua atá beartaithe de Riail 8(9) de na Comhrialacháin, i gcás aontachas le hIonstraim na Ginéive nó i gcás dhaingniú Ionstraim na Ginéive ag Stát is páirtí in Acht 1967, gurb é an dáta ábhartha chun méid na dtáillí atá le híoc a chinneadh — mar atá, aon táille ar mhodhnú (Riail 7(4)(a) de na Comhrialacháin) nó aon táille aonair (Riail 7(4)(d) de na Comhrialacháin) — dáta theacht i bhfeidhm Ionstraim na Ginéive le haghaidh an Stáit sin.

Sonraítear san fhomhír (d) nua atá beartaithe go leanfaidh na forálacha faoin leagan atá ann cheana de Riail 8(9) d'fheidhm a bheith acu i ngach cás eile.

Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riail 15 lena dtugtar isteach fomhíreanna nua (vii) go (ix) i mír (1), leathnaítear liosta na modhnuithe is féidir a thaifeadadh sa Chlár Idirnáisiúnta, amhail modhnú ar an ainmniúchán tionscnaimh nó ar an tásc geografach, modhnú ar an earra nó ar na hearraí a bhfuil feidhm ag an ainmniúchán tionscnaimh nó an tásc geografach maidir leo, nó modhnú ar na sonraí, dá dtagraítear i Riail 5(3)(a) nó an fhaisnéis dá dtagraítear i Riail 5(6)(a)(vi). Leis an mír (5) nua atá beartaithe de Riail 15 de na Comhrialacháin, tugtar isteach an fhéidearthacht le haghaidh Páirtí Conarthach fógra a thabhairt faoi dhiúltú mura bhfuil sé in ann cosaint an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh a áirithiú de dheasca an mhodhnaithe.

Leis an leasú atá beartaithe ar Riail 18(4), déantar foclaíocht na forála sin a ailíniú leis an mír (5) nua atá beartaithe de Riail 15.

## 3. An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais

Is é an seasamh atá beartaithe páirt a ghlacadh i gcomhdhearcadh a d'fhéadfadh a bheith ann i ndáil le cinneadh ó Thionól Aontas Liospóin maidir le glacadh leasuithe ar na Comhrialacháin nó, in aon chás, vótáil i bhfabhar na leasuithe atá beartaithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Is leasuithe de chineál teicniúil iad na leasuithe sin agus tá sé d'aidhm acu an nós imeachta a chuíchóiriú agus a shimpliú chomh maith le feabhas a chur ar an deimhneacht dhlíthiúil i mbainistiú na n-iarratas ar chlárú agus ar mhodhnú na n-ainmniúchán tionscnaimh agus na dtásc geografach faoi Ionstraim na Ginéive.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht

cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh '*tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[2].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é Tionól an Aontais Speisialta a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá Ionstraim na Ginéive.

An gníomh a iarrtar ar Thionól an Aontais Speisialta a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ceangailteach faoin dlí idirnáisiúnta.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

**4.2. Bunús dlí substainteach**

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, mar atá an bunús dlí a cheanglaítear leis an bpríomhaidhm nó leis an bpríomh-chomhpháirt.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus inneachar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 207 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

[2] Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

2025/0169 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól Aontas Speisialta Liospóin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach in Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (‘Ionstraim na Ginéive’)[3], a tháinig i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. De bhun Airteagal 21 d’Ionstraim na Ginéive, na Páirtithe Conarthacha atá inti, is comhaltaí iad den Aontas Speisialta a bunaíodh le Comhaontú Liospóin maidir le Sonrúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta (‘Comhaontú Liospóin’)[4].

(2) De bhun Airteagal 22(2)(a)(iii) d’Ionstraim na Ginéive, cumhachtaítear Tionól an Aontais Speisialta leis na Rialacháin faoi Ionstraim na Ginéive a leasú.

(3) Le linn Thionóil Ghinearálta na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) a thionólfar ón 8 go dtí an 17 Iúil 2025, iarrfar ar Thionól an Aontais Speisialta leasuithe ar na Comhrialacháin a ghlacadh faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive (‘Comhrialacháin’).

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i dTionól an Aontais Speisialta a bhunú, ós rud é go mbeidh na leasuithe sin ina gceangal ar an Aontas.

(5) Sa séú seisiún a bhí ag an Meitheal um Fhorbairt Chóras Liospóin (‘Meitheal Liospóin’) (i.e. an córas idirnáisiúnta chun ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chlárú go hidirnáisiúnta), a bhí ar siúl sa Ghinéiv ón 8 go dtí an 20 Márta 2025, mhol sí do Thionól an Aontais Speisialta leasuithe éagsúla ar na Comhrialacháin a ghlacadh, mar a mhol Rúnaíocht EDMI agus mar a mhodhnaigh Meitheal Liospóin.

(6) Leis an leasú atá beartaithe ar Riail 1(1) tugtar cothrom le dáta an sainmhíniú ar ‘fhoirm oifigiúil’ i bhfomhír (vi) chun tagairt don chomhéadan leictreonach (e-Liospóin) a chuimsiú, ar comhéadan é a chuir an Biúró Idirnáisiúnta ar fáil d’Údaráis Inniúla Chóras Liospóin ar shuíomh gréasáin na hEagraíochta.

3 Cinneadh (AE) 2023/1051 ón gComhairle an 22 Bealtaine 2023 (IO L 141, 31.5.2023, lch. 34, http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1051/oj).

4 https://www.wipo.int/wipolex/en/text/285838

(7) Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riail 8(9), tugtar cothrom le dáta na forálacha atá ann cheana tríd an dáta ábhartha a shoiléiriú chun méid na dtáillí atá le híoc faoi Riail 5(2)(c), faoi Riail 15(2)(a), faoi Rialacha 7(4)(a) agus 7(4)(d) a chinneadh chomh maith le gach cás eile faoin leagan atá ann cheana de Riail 8(9), agus na sainiúlachtaí éagsúla faoi na Comhrialacháin á gcur san áireamh.

(8) Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riail 15 lena dtugtar isteach fomhíreanna nua (vii) go (ix) i mír 1, leathnaítear liosta na modhnuithe is féidir a thaifeadadh sa Chlár Idirnáisiúnta. Leis an mír (5) nua atá beartaithe de Riail 15 de na Comhrialacháin, tugtar isteach an fhéidearthacht le haghaidh Páirtí Conarthach fógra a thabhairt faoi dhiúltú mura bhfuil sé in ann cosaint an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh a áirithiú de dheasca an mhodhnaithe.

(9) Leis an leasú atá beartaithe ar Riail 18(4), déantar foclaíocht na forála sin a ailíniú leis an mír (5) nua atá beartaithe de Riail 15.

(10) Ba cheart don Aontas, dá bhrí sin, tacú le glacadh na leasuithe sin.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gcruinniú Thionól an Aontais Speisialta faoi chuimsiú Thionól Ghinearálta EDMI an 8 go dtí an 17 Iúil 2025 tacú le glacadh leasuithe ar na Comhrialacháin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú freisin maidir le modhnuithe ar na leasuithe atá beartaithe, ar choinníoll nach n-athróidh siad an tsubstaint go mór.

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*